


# Ag Ullmhú don Scoil

D'éirigh Liam ón mbord nuair a bhí an bricfeasta ite aige. Dúirt Mamaí go raibh a bhróga salach. Fuair sé **snasán** agus dhá scuab. Chuir sé snasán ar cheann de na scuaba, agus **chuimil sé** de na bróga í. Chuimil sé an scuab eile de na bróga ansin agus chuir sé **snas** orthu. Ach bhí snasán ar a stocaí agus ar an urlár freisin. **B'éigean dó** stocaí eile a chur air. Ansin b'éigean dó an t-urlár a ghlanadh mar bhí Mamaí ar buile. D'ullmhaigh Mamaí an lón dó. Ghearr sí **ceapairí** agus chuir sí tae isteach i **bhfleasc. Chuardaigh Liam** an teach dá mhála scoile. **Faoi dheireadh** fuair sé i seomra Nuala é. Chuir sé an lón isteach ann. D'imigh sé ar scoil lena chara. Shroich sé an scoil ar a naoi a chlog. D'fhan sé i gclós na scoile go dtí ceathrú tar éis a naoi. Bhí sé ag imirt peile leis na buachaillí eile. Bhí na bróga salach arís **sula ndeachaigh** sé isteach sa scoil.

**Foclóir:**

| | |
|---|---|
| **snasán,** polish | **ar buile,** very angry |
| **chuimil,** rubbed | **chuardaigh,** searched |
| **snas,** shine | **faoi dheireadh,** at last |

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cathain a d'éirigh Liam ón mbord?
   — tar éis an dinnéir.
   — nuair a bhí an bricfeasta ite aige.
   — i lár na hoíche.
2. Cá bhfuair sé a mhála scoile?
   — i gcófra sa chistin.
   — ar an matal sa seomra bia.
   — i seomra Nuala.
3. Cén fáth a raibh na bróga salach arís ag Liam?
   — mar thit sé ar an mbóthar.
   — mar bhí sé ag imirt peile leis na buachaillí eile.
   — mar níor chuir sé snasán orthu.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Dúirt Mamaí go raibh a bhróga —
2. Chuir sé — ar cheann de na scuaba.
3. Ansin b'éigean dó an — a ghlanadh mar bhí Mamaí — —
4. D'imigh sé — — lena chara.
5. D'fhan sé i — — — go dtí ceathrú tar éis a naoi.

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**

1. Chuimil sé an scuab de na bróga.
2. Ghearr sí ceapairí.
3. Chuir sé an lón isteach ann.
4. Ar a naoi a chlog.
5. Mar bhí Mamaí ar buile.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad a dúirt Mamaí le Liam?
2. Céard a chuir Liam ar cheann de na scuaba?
3. Cén fáth a raibh snasán ar a stocaí?
4. Cad chuige ar chuardaigh sé an teach?
5. Cá raibh na buachaillí ag imirt peile?
6. Cá ndeachaigh na buachaillí ar cheathrú tar éis a naoi?

**Gramadach 2**

1. B'éigean dó **stocaí eile a chur air.**
   (déan/an obair, foghlaim/na ceachtanna,
   glan/na bróga, ith/bricfeasta.)
2. **D'ullmhaigh Mamaí an lón dó.**
   (mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan).
3. **Briathra : Aimsir Chaite:**
   Inné d'éirigh Liam ón mbord. D'ullmhaigh Mamaí an lón dó. Chuardaigh Liam an teach dá mhála scoile. Ar deireadh d'imigh sé ar scoil.
   **Scríobh na habairtí arís ag tosú mar seo:**
   (a) Ar maidin d'éirigh mé on mbord . . . . .
   (b) Inné níor éirigh Liam . . . . . . .